CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Preasráiteas

Lucsamburg, 23 Eanáir 2023

Déanann Iniúchóirí imscrúdú ar choimircí an smachta reachta

Tá Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ag tosú ar mheasúnú a dhéanamh féachaint an raibh an Coimisiún Eorpach éifeachtach i ndáil le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint in aghaidh sáruithe ar an smacht reachta i mBallstáit. Déanfaidh na hiniúchóirí scrúdú ar na céimeanna atá glactha ag feidhmeannas an Aontais chun a áirithiú nach bhfaigheann tíortha cistí ón Aontas ach amháin nuair a n-urramaíonn siad an smacht reachta. Díreofar san iniúchadh ar bheartas comhtháthaithe an Aontais agus ar chistiú téarnaimh COVID-19.

"*Is féidir impleachtaí móra airgeadais a bheith i gceist le sáruithe ar an smacht reachta, amhail mainneachtain imscrúdú cuí a dhéanamh ar éilliú nó ar easpa spleáchais bhreithiúnaigh laistigh den Aontas, agus d'fhéadfaí mí-úsáid airgead an Aontais sna Ballstáit a bheith mar thoradh air sin,*" a dúirt Annemie Turtelboom, an Comhalta CIE a bheidh i gceannas ar an iniúchadh. *"Cinnfidh ár n-iniúchadh an raibh an úsáid a bhain an Coimisiún as na huirlisí atá ar fáil dó chun buiséad an Aontais a chosaint in aghaidh sáruithe ar an smacht reachta éifeachtach, go háirithe i gcistiú comhtháthaithe agus téarnaimh."*

Is ceann de luachanna bunriachtanacha an Aontais é an smacht reachta. Ciallaíonn sé go bhfuil baill uile na sochaí faoi réir an dlí go cothrom, go bhfeidhmíonn na cúirteanna go neamhspleách agus go neamhchlaonta, agus go bhfuil deighilt na gcumhachtaí ann. Tá meascán uirlisí dleathacha, airgeadais agus faireacháin forbartha ag an Aontas, chomh maith le sásraí eile chun an smacht reachta i mBallstáit an Aontais a fhorfheidhmiú. Áirítear leo seo sásra comhoibrithe agus fíoraithe, nósanna imeachta maidir le sárú, agus tuarascálacha smachta reachta bliantúla. Chomh maith leis sin, in 2020, chomhaontaigh sé rialacha coinníollacha chun bainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais a chosaint ina iomláine. Faoi choinníollacha ar leith tá sé de cheanglas leis na rialacha seo go gcuirtear rochtain tíortha ar chistiú an Aontais ar fionraí, go laghdaítear í nó go cuirtear srian léi i gcás ina raibh sáruithe tromchúiseacha ar an smacht reachta. Níor baineadh úsáid an na bearta cosanta seo go dtí seo ach amháin don Ungáir (i mí na Nollag 2022), rud a fhágfaidh go gcuirfear 55 % de na cistí a bhí ag dul di faoi thrí chlár comhtháthaithe de chuid an Aontais ar fionraí. Le rialacha airgeadais do chistí an Bheartais Comhtháthaithe agus don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), arb ionann iad agus an sciar is mó de phacáiste téarnaimh an Aontais, ceadaítear coimircí breise ar an smacht reachta.

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na réamhléirithe iniúchóireachta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa atá ar fáil ar eca.europa.eu, a chur in iúl.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg
E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

Díreofar san iniúchadh ar thrí réimse éagsúil chun leasanna an Aontais a chosaint in aghaidh sáruithe ar an smacht reachta: cur i bhfeidhm Rialachán Coinníollachta an Aontais ag an gCoimisiún, na rialacha is infheidhme faoi chistí an bheartais comhtháthaithe 2021-2027, agus na rialacha sin is infheidhme faoi RRF.

Clúdófar san iniúchadh gníomhaíocht an Choimisiúin le haghaidh shampla sé thír: An Bhulgáir, an Ghréig, an Iodáil, an Ungáir, an Pholainn, agus an Rómáin.

Faisnéis chúlra

Tá an Coimisiún Eorpach freagrach as sáruithe ar an smacht reachta a d'fhéadfadh tarlú sna mBallstáit a shainaithint agus as aghaidh a thabhairt orthu. Ní mór do Chomhairle an Aontais Eorpaigh, lena dtugtar le chéile rialtais na mBallstát, bearta cosanta a mhol an Coimisiún faoin Rialachán Coinníollachta a fhormheas, chomh maith le garspriocanna agus spriocanna sonracha a thugann aghaidh ar easnaimh ina leith sin faoi RRF. Is féidir leis an gCoimisiún bac a chur ar chaiteachas an chiste chomhtháthaithe a aisíoc freisin mura n-urramaítear na prionsabail sin. Ina theannta sin, is féidir le Parlaimint na hEorpa aghaidh a thabhairt ar nithe a bhaineann leis an smacht reachta le linn an phróisis bhliantúil maidir le bainistíocht an Choimisiúin ar bhuiséad an Aontais a imréiteach.

Cuirfear €1 211 bhilliún i gcistiú ar fáil i mbuiséad fadtéarmach an Aontais ó 2021 go dtí 2027, a thiocfaidh €361 bhilliún de ó chistí an bheartais comhtháthaithe. Ina theannta sin, soláthrófar €807 mbilliún i bPacáiste airgeadais Next Generation EU an Aontais do thíortha de chuid an Aontais ó 2021 go dtí 2026, agus €724 bhilliún de sin trí RRF.

Réamhléiriú iniúchóireachta 01/2023, Tá "*An smacht reachta agus gníomhaíocht an Choimisiúin chun leasanna airgeadais an Aontais i mbeartas comhtháthaithe agus RRF a chosaint*" le fáil i mBéarla ar shuíomh gréasáin CIE. Tá réamhléirithe iniúchóireachta bunaithe ar obair ullmhúcháin a dhéantar sula gcuirtear tús leis an iniúchóireacht féin. Níor cheart iad a mheas mar bharúlacha, conclúidí ná moltaí iniúchóireachta. Meastar go bhfoilseofar an t-iniúchadh i gceann bliana nó mar sin.

Teagmháil don phreas

Preasoifig Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: press@eca.europa.eu

- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 551 502